NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10559 — A P MOELLER-MAERSK / SENATOR INTERNATIONAL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 100/09)

1. An 22 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— A.P. Møller-Mærsk A/S Group ("APMM", an Danmhairg),

— Senator International group ("Senator International", an Ghearmáin).

Gheobhaidh APMM rialú aonair ar Senator International ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— APMM: cuideachta iompair agus lóistíochta comhtháite atá gníomhach ar fud an domhain. Is é atá i bpríomhghníomhaíochtaí APMM loingseoireacht línéir coimeádán trína fhochuideachtaí Maersk A/S, SeaLand agus Hamburg Süd, seirbhísí críochfoirt coimeádán, iompar intíre, seirbhísí intíre, seirbhísí bainistíochta slabhra soláthair, tuáil cuain agus monarú coimeádán cuisniúcháin,

— Senator International: cuideachta faoi úinéireacht teaghlaigh arb í a phríomhspeisialtóireacht iompar lasta, loingseoireacht agus lóistíocht idirnáisiúnta, agus arb é a phríomhfhócas seoladh aerlasta agus muirlasta, chomh maith le seirbhísí lóistíochta, pacáistithe agus custaim.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10559 — A P MOELLER-MAERSK / SENATOR INTERNATIONAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË